

Treoirlínte

TREOIRLÍNTE

maidir leis an gcaoi a gcaitear le gnóthais
ghaolmhara, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí

ÚEÁPC –BoS-25/522

Arna ghlacadh an 26 Samhain 2025



eiopa

European Insurance and
Occupational Pensions Authority

TREOIRLÍNTE MAIDIR LEIS AN GCAOI A GCAITEAR LE GNÓTHAIS GHAOLMHARA, LENA N-ÁIRÍTEAR RANNPHÁIRTÍOCHTAÍ

RÉAMHRÁ

1. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 (Rialachán ÚEÁPC), eisíonn¹ ÚEÁPC na Treoirlínte seo maidir leis an gcaoi a gcaitear le gnóthais ghaolmhara, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí.
2. Baineann na Treoirlínte le hAirteagail 92(1a) agus (2) agus 111(1)(m) de Threoir 2009/138/CE (Shócmhainneacht II)² chomh maith le hAirteagail 68, 168 agus 171 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón gCoimisiún (Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún).³
3. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údarais mhaoirseachta faoi Shócmhainneacht II.
4. Is é is cuspóir do na Treoirlínte seo treoraíocht a sholáthar maidir le gnóthais ghaolmhara a shainaithint agus maidir leis an gcaoi a gcaitear leo, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí, chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú ar fud na mBallstát.
5. Chun críocha na dTreoirlínte seo, is é an gnóthas rannpháirteach an gnóthas a bhfuil a shuíomh sócmhainneachta á ríomh aige. Tagraíonn an téarma gnóthas gaolmhar d'aon ghnóthas gaolmhar de chuid an ghnóthais rannpháirtigh sin, mar a shonraítear in Airteagal 212(1)(b) de Shócmhainneacht II.
6. Leanann na Treoirlínte cur chuige iomlánaíoch. Tugtar tuairisc iontu ar dtús ar shainaithint cineálacha éagsúla gnóthas gaolmhar, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí. Cumhdaíonn siad ansin láimhseáil na gcineálacha éagsúla gnóthas gaolmhar, go sonrach rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa agus rannpháirtíochtaí straitéiseacha.
7. I gcás ina dtagraíonn na Treoirlínte seo do luacháil nó luach gnóthais ghaolmhair, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Airteagal 13 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún.
8. Baineann na Treoirlínte leis an gcaoi a gcaitear le gnóthais ghaolmhara lena n-áirítear rannpháirtíochtaí ar bhonn aonair. I bhformhór na gcásanna beidh sainaithint gnóthais ghaolmhair mar an gcéanna ó thaobh an ghnóthais rannpháirtigh de le heintiteas aonair agus chun críocha grúpa araon. Mar sin féin, i gcásanna áirithe beidh difríochtaí ann: d'fhéadfadh gnó an ghnóthais ghaolmhair a bheith de chineál a fhágann nach bhfuil an gnóthas rannpháirteach agus an gnóthas gaolmhar faoi réir maoirseacht ghrúpa de réir Airteagal 213 de Shócmhainneacht II. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an cas a bheith ann ina bhfuil cearta vótála nó caipiteal i ngnóthas ag roinnt eintiteas laistigh de ghrúpa arb ionann iad agus 20 % nó níos mó de chearta vótála nó de chaipiteal an ghnóthais nuair a chuirtear le chéile iad. Dá dheasca sin, shainaithneofaí gnóthas den sórt sin

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lgh. 48–83).

² Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Atharachais agus an gnó sin a shaothrú (Shócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lgh. 1–155).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35 ón³ gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena bhforlíontar Treoir 2009/138/CE (IO L 12, 17.1.2015, lgh. 1–797).

mar ghnóthas gaolmhar ar leibhéal an ghrúpa. Mar sin féin, má tá sealúchas gach eintitis aonair laistigh den ghrúpa níos ísle ná 20 %, ní shainaithneodh aon cheann de na heintitis sin laistigh den ghrúpa ar leibhéal an eintitis aonair an ghnóthas mar ghnóthas gaolmhar.

9. Mura sainmhínítear iad sna Treoirlínte seo, tá an bhrí a shainmhínítear sna gníomhartha dlí dá dtagraítear sa réamhrá ag na téarmaí.
10. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo ón 30 Eanáir 2027 agus aisghairtear agus cuirtear ina n-ionad na Treoirlínte maidir leis an gcaoi a gcaitear le gnóthais ghaolmhara, lena n-áirítear rannpháirtíochtaí (EIOPA-BoS-14-170).

TREOIRLÍNE 1 - SAINAITHINT

11. Ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha a ngnóthais ghaolmhara agus a rannpháirtíochtaí gaolmhara a shainaithint bunaithe ar mheasúnú óna bpeirspictíocht mar eintiteas aonair.
12. Agus gnóthas gaolmhar bunaithe ar scairúinéireacht á shainaithint, go díreach nó trí rialú, ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) a gcearta vótála a bheith acu mar chéatadán de chearta vótála gnóthais;
- (b) a sealúchas de gach aicme scairchaipitil arna eisiúint ag gnóthas mar chéatadán de scairchaipiteal eisithe an ghnóthais sin, gan beann ar chearta vótála.

I gcás ina bhfuil (a) nó (b) 20 % nó níos airde, ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha caitheamh lena n-infheistíocht sa ghnóthas mar rannpháirtíocht.

I gcás ina bhfuil an rannpháirtíocht i ngnóthas árachais nó athárachais atá faoi réir Shócmhainneacht II, bainfidh na measúnuithe faoi (a) go ginearálta le gnáth-scairchaipiteal íoctha dá dtagraítear in Airteagal 69(a)(i) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, agus faoi (b) le gnáth-scairchaipiteal íoctha agus scaireanna tosaíochta íoctha dá dtagraítear in Airteagal 69(a)(v) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún.

13. Ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha a áirithiú gur féidir leo éifeacht na n-athruithe ar scairchaipiteal gnóthas gaolmhar ar an measúnú ar a dtugtar tuairisc sa mhír roimhe seo a shainaithint, gach uair a ríomhann an gnóthas rannpháirteach a SCR i gcomhréir le hAirteagal 102 de Shócmhainneacht II.
14. Agus gnóthas gaolmhar á shainaithint de bhun Airteagal 212(2) de Shócmhainneacht II ar an mbonn gur féidir leis an ngnóthas rannpháirteach tionchar ceannasach nó suntasach a imirt ar ghnóthas eile, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta breithniú a dhéanamh ar na tosca a leagtar amach in Airteagal 212(4) de Shócmhainneacht II agus a shonraítear a thuilleadh sna caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear in Airteagal 212(5) de Shócmhainneacht II.

TREOIRLÍNE 2 - RANPHÁIRTÍOCHTAÍ IN INSTITIÚIDÍ AIRGEADAIS AGUS CREIDMHEASA A SHAINAITHINT

15. Ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha caitheamh le gnóthas gaolmhar mar institiúid airgeadais nó creidmheasa, i gcás inar institiúid é dá dtagraítear in Airteagal 92(2) de Shócmhainneacht II. Cumhdaítear leis na tuairiscí sin aon institiúid a dhéanann na feidhmeanna nó a dhéanann an gnó

a thuairiscítear de bhun an Airteagail sin, d'ainneoin nach bhféadfaidh an institiúid a bheith faoi réir na ngníomhartha dlí dá dtagraítear san Airteagal sin.

16. Ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha a áirithiú go láimhseálfar aon rannpháirtíocht in institiúid airgeadais nó creidmheasa ina sealbhaítear cearta vótála nó caipiteal go hindíreach ar an mbealach céanna le rannpháirtíocht in institiúid airgeadais nó creidmheasa ina sealbhaítear cearta vótála nó caipiteal go díreach.

TREOIRLÍNE 3 - RANNPHÁIRTÍOCHT STRAITÉISEACH A SHAINAITHINT

17. Ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha rannpháirtíochtaí straitéiseacha a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 171 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún mar a leanas:

- (a) gnóthais rannpháirteacha a úsáideann an fhoirmle chaighdeánach chun a SCR a ríomh, ba cheart dóibh rannpháirtíochtaí straitéiseacha a shainaithint gan beann ar cé acu i ngnóthas árachais nó atharachais, in institiúid airgeadais nó creidmheasa nó in aon ghnóthas gaolmhar eile atá a rannpháirtíocht;
- (b) gnóthais rannpháirteacha a úsáideann samhail inmheánach chun a SCR a ríomh, ní gá dóibh rannpháirtíochtaí straitéiseacha in institiúidí airgeadais agus creidmheasa a shainaithint ach amháin chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag Airteagal 68(3) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún.

18. Chun a léiriú go gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 171 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, níor cheart do ghnóthais rannpháirteacha rannpháirtíocht a roinnt ina gcodanna éagsúla, agus codanna áirithe á láimhseáil mar chodanna straitéiseacha agus codanna eile nach bhfuil. I gcás inar sainaithníodh rannpháirtíocht ar leith mar rannpháirtíocht straitéiseach:

- (a) i gcás rannpháirtíocht in institiúid airgeadais nó creidmheasa, is infheistíochtaí straitéiseacha iad na hinfheistíochtaí uile ina cistí dílse;
- (b) i gcás aon ghnóthas gaolmhar eile, is infheistíochtaí straitéiseacha iad na hinfheistíochtaí cothromais uile sa rannpháirtíocht.

19. I gcomhréir le hAirteagal 171(a) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha a bheith in ann a léiriú, le measúnú cáilíochtúil agus cainníochtúil araon, gur dócha nach mbeidh luach na hinfheistíochta cothromais chomh luaineach céanna ó thaobh ábhair de. Chun críche an mheasúnaithe, ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha an méid seo a leanas a áirithiú:

- (a) cuirtear luachálacha comhsheasmhacha agus iomchuí i bhfeidhm le himeacht ama maidir leis an rannpháirtíocht agus maidir leis na cothromais eile a roghnaítear mar bhonn comparáide;
- (b) breithníonn siad tionchar a dtionchar ar luach na rannpháirtíochta.

20. Agus cineál na hinfheistíochta straitéiseach á léiriú, i gcomhréir le hAirteagal 171(b)(i) go (iii) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) an tréimhse a shonrú a bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith ag an straitéis chun an rannpháirtíocht a shealbhú ina leith;
 - (b) tionchar dhálaí an mhargaidh ar na príomhbheartais a mheas;
 - (c) aon toisc shuntasach a shainithint a dhéanann difear, nó aon srian ar chumas an ghnóthais rannpháirtigh a straitéis a choinneáil ar bun agus conas a d'fhéadfaí iad sin a mhaolú nó conas a dhéanfaí iad a mhaolú.
21. Agus nasc marthanach á léiriú, i gcomhréir le hAirteagal 171(b)(iv) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha na critéir seo a leanas a mheas:
- (a) cé acu is ann nó nach ann do ghaol cobhsaí idir an dá ghnóthas le himeacht ama;
 - (b) an bhfuil dlúthbhanna eacnamaíoch, comhroinnt rioscaí agus tairbhí idir na gnóthais nó neamhchosaint ar rioscaí ó cheann amháin go ceann eile mar thoradh ar an ngaolmhaireacht chobhsaí sin;
 - (c) foirm an chaidrimh idir an dá ghnóthas, a bhféadfadh úinéireacht, comhtháirgí nó línte dáileacháin, trasdhíol, cruthú comhfhiontar nó naisc fhadtéarmacha oibríochtúla nó airgeadais eile a bheith ar áireamh ann.
22. I gcomhréir le hAirteagal 171(b)(v) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, ba cheart do ghnóthas rannpháirteach ar cuid de ghrúpa é féachaint ar na príomhbheartais lena dtreoraítear nó lena dteorannaítear gníomhaíochtaí an ghrúpa mar na príomhbheartais arna sainiú ag an máthairghnóthas deiridh nó, más éagsúil, ag an ngnóthas a shocraíonn na príomhbheartais don ghrúpa ina iomláine.
23. Ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha doiciméadú a dhéanamh ar a mbreithniú ar na hábhair a leagtar amach in Airteagal 171 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún agus i míreanna 18 go 22, lena n-áirítear aon toisc ábhartha eile, mar aon le hábhar tacaíochta ábhartha.

TREOIRLÍNE 4 - RAON FEIDHME NA RÍOMHANNA LE HAGHAIDH AIRTEAGAL 68 DE RIALACHÁN TARMLIGTHE 2015/35 ÓN GCOIMISIÚN

24. Agus luach rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa á chinneadh chun críocha Airteagal 68 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, ⁴ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha sealúchais chothromais agus aon mhír eile de chistí dílse a áireamh, bíodh siad á sealbhú go díreach nó go hindíreach.
25. Ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha na cineálacha cur chuige seo a leanas a chur i bhfeidhm:
- (a) maidir le sealúchais dhíreacha, ba cheart luach na rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa, arna chinneadh ag an ngnóthas rannpháirteach i gcomhréir le prionsabail luachála Shócmhainneacht II, a úsáid chun críocha Airteagal 68 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún;
 - (b) rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa, arna sealbhú go hindíreach trí rannpháirtíocht eile in institiúid airgeadais nó creidmheasa, níor cheart iad a mheas faoi Airteagal 68 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, toisc gur cheart a luach a

⁴ Áirítear leis sin na rannpháirtíochtaí uile a leagtar amach in Airteagal 92(2) de Shócmhainneacht II.

- bheith curtha san áireamh cheana féin i luach na rannpháirtíochta arna sealbhú go díreach in institiúid airgeadais nó creidmheasa i gcomhréir le pointe (a);
- (c) níor cheart asbhaint le haghaidh rannpháirtíocht in institiúid airgeadais nó creidmheasa arna sealbhú go hindíreach teacht chun cinn ach amháin i gcás ina bhfuil gnóthais ghaolmhara idir an gnóthas rannpháirteach agus an rannpháirtíocht airgeadais agus creidmheasa seachas rannpháirtíochtaí airgeadais agus creidmheasa;
 - (d) maidir le sealúchais indíreacha eile in institiúid airgeadais nó creidmheasa, ba cheart luach na rannpháirtíochta arna chinneadh ag an ngnóthas gaolmhar i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún a úsáid chun críocha Airteagal 68 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún;
 - (e) ba cheart go léireodh na luachanna a úsáidtear chun críocha Airteagal 68 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún úinéireacht chomhréireach an ghnóthais rannpháirtigh, arna sealbhú go díreach agus go hindíreach, ar an rannpháirtíocht san institiúid airgeadais nó creidmheasa.
26. Agus 10 % de na míreanna a áirítear in Airteagal 69(a)(i), (ii), (iv) agus (vi) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún á ríomh chun críocha Airteagal 68 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, ba cheart do ghnóthais rannpháirteacha méid na míreanna bunchistí dílse a úsáid roimh aon asbhaint de bhun Airteagal 68 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún i leith rannpháirtíochtaí in institiúidí airgeadais agus creidmheasa.

TREOIRLÍNE 5 - ASBHAINTÍ I LEITH RANNPHÁIRTÍOCHTAÍ IN INSTITIÚIDÍ AIRGEADAIS AGUS CREIDMHEASA

27. I gcás nach féidir asbhaintí i gcomhréir le hAirteagal 68(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún a dhéanamh ón leibhéal comhfhreagrach mar a leagtar amach in Airteagal 68(5) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, ba cheart do ghnóthais na cuir chuige seo a leanas a ghlacadh:
- (a) i gcás nach n-aicmítear na míreanna atá le hasbhaint sna leibhéil a leagtar amach in Airteagal 68(5) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, ba cheart gach asbhaint a dhéanamh ó mhéid na míreanna a áirítear in Airteagal 69(a)(i), (ii), (iv) agus (vi) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún;
 - (b) i gcás inar mó méid na hasbhainte ná an méid óna gceanglaítear í a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 68(5) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, ba cheart an barrachas a asbhaint mar a leanas:
 - (i) déantar sealúchais d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de bhreis ar mhíreanna a áirítear in Airteagal 69(a)(iii), (v) agus (b) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún a asbhaint ó mhíreanna a áirítear in Airteagal 69(a)(i), (ii), (iv) agus (vi) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún;
 - (ii) déantar sealúchais d'ionstraimí Leibhéal 2 de bhreis ar bhunchistí dílse a áirítear in Airteagal 72 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún a asbhaint ar dtús ó mhíreanna a áirítear in Airteagal 69(a)(iii), (v) agus (b) de Rialachán Tarmligthe

2015/35 ón gCoimisiún, agus ansin ó mhíreanna a áirítear in Airteagal 69(a)(i), (ii), (iv) agus (vi) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún go dtí go ndéantar an asbhaint ina hiomláine.

- (c) d'ainneoin phointí (a) agus (b), féadfaidh údaráis mhaoirseachta cead a thabhairt do ghnóthas rannpháirteach gan luach a rannpháirtíochta in institiúid creidmheasa nó airgeadais a asbhaint, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 92(1a) de Shócmhainneacht II.

TREOIRLÍNE 6 - COIGEARTUITHE I NGEALL AR ASBHAINTÍ RANNPHÁIRTÍOCHTAÍ ARNA SEALBHÚ GO HINDÍREACH IN INSTITIÚIDÍ AIRGEADAIS AGUS CREIDMHEASA

28. I gcás ina gceanglaítear luach rannpháirtíochta in institiúid airgeadais nó creidmheasa arna sealbhú go hindíreach a asbhaint, go hiomlán nó go páirteach, i gcomhréir le hAirteagal 68 de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún, níor cheart do ghnóthais rannpháirteacha an méid seo a leanas a dhéanamh, ach amháin chun SCR a ríomh:

- (a) luach an ghnóthais ghaolmhair atá i seilbh dhíreach, ar sócmhainn de chuid an ghnóthais rannpháirtigh é, trína sealbhaítear an rannpháirtíocht san institiúid airgeadais nó creidmheasa go hindíreach, a laghdú faoi mhéid na hasbhainte sin;
- (b) maidir leis an gcoigeartú ar a dtugtar tuairisc i bpointe (a), lean an cur chuige a leagtar amach in Airteagal 68(5) de Rialachán Tarmligthe 2015/35 ón gCoimisiún agus i dTreoirlíne 5.
- (c) d'ainneoin phointí (a) agus (b) thuas, féadfaidh údaráis mhaoirseachta cead a thabhairt do ghnóthas rannpháirteach gan luach a rannpháirtíochta in institiúid creidmheasa nó airgeadais a asbhaint, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 92(1a) de Shócmhainneacht II.

RIALACHA MAIDIR LE COMHLÍONADH AGUS TUAIRISCIÚ

29. Tá Treoirlínte arna n-eisiúint faoi Airteagal 16 de Rialachán ÚEÁPC sa doiciméad seo. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ÚEÁPC, ceanglaítear ar údaráis inniúla agus ar institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh treoirlínte agus moltaí a chomhlíonadh.

30. Ba cheart d'údaráis inniúla a chomhlíonann na Treoirlínte seo nó a bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh iad a ionchorprú ina gcreat rialála nó maoirseachta ar bhealach iomchuí.

31. Ní mór d'údaráis inniúla a dheimhniú do ÚEÁPC an gcomhlíonann siad na Treoirlínte seo nó an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, le cúiseanna le neamhchomhlíonadh, laistigh de 2 mhí tar éis eisiúint na leaganacha aistrithe.

32. In éagmais freagra faoin sprioc-am sin, measfar go bhfuil na húdaráis inniúla neamhchomhlíontach leis an tuairisciú agus déanfar iad a thuairisciú amhlaidh.

FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH MAIDIR LE HATHBHREITHNITHE

33. Beidh na Treoirlínte seo faoi réir athbhreithniú ag ÚEÁPC.